# Scoil Choille – An fómhar

Eochairfhocail an cheachta seo

· ag sealgaireacht
· anáil
· fás aon oíche/beacán
· contúirteach
· nimhiúil
· saineolas



Ar dtús, breathnaigh ar an gclár seo de Scoil Choille agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén planda a mbíonn Gráinne ag labhairt faoi nuair a bhíonn machnamh ar siúl ag an teaghlach?
2. Cén chomhairle a chuireann Gráinne orainn maidir leis na beacáin?
3. Cén fáth a gcaithfimid a bheith cúramach ó thaobh na mbeacán de, dar le Frank?
4. Cén t-ainm atá ar na beacáin a aimsíonn Gráinne agus Naoise sa choill?
5. An féidir an chorcróg choille a ithe, dar le Gráinne?
6. Ainmnigh trí rud a theastaíonn ón teaghlach chun a gcuid beacán féin a dhéanamh sa mhír ealaíne?
7. Úsáidtear focal eile Gaeilge le cur síos a dhéanamh ar bheacán. Céard é an focal sin? Tá sé le cloisteáil san amhrán a chantar ag deireadh an chláir.

Foghlaim TG4

# Scoil Choille – An fómhar

## Gníomhaíocht Smaointeoireachta: Cuireadh chun coille

Dia daoibh a chairde,
Naoise anseo. Tá nuacht agam daoibh. Tá mo bhreithlá ag teacht aníos i gceann cúpla seachtain. Beidh mé naoi mbliana d'aois. Titeann mo bhreithlá ar an 6 Meán Fómhair. Is é an fómhar an séasúr is fearr liom agus is breá liom go mbíonn mo bhreithlá ar siúl i rith an fhómhair. Pé scéal é, tá cuireadh cóisire á thabhairt agam daoibh go léir le teacht go dtí mo chóisir. Beidh sé ar siúl Dé Sathairn, 6 Méan Fómhair. Beidh sé ar siúl idir 12pm agus 2pm. Beidh sé ar siúl anseo sa choill! Beidh go leor cluichí spraíúla againn i rith an dá uair an chloig cosúil le cathaoireacha ceoil agus tóraíocht taisce timpeall na coille. Táim ag tnúth go mór leis agus tá súil agam go mbeidh sibh ar fad in ann teacht.
Feicfidh mé ansin sibh.
Slán tamall,
Naoise

Ceisteanna Eolais:

1. Cén aois a bheidh Naoise i gceann cúpla seachtain?
2. Cad é an séasúr is fearr le Naoise?
3. Cathain a bheidh breithlá Naoise ar siúl?
4. Ainmnigh cluiche spraíúil amháin a bheidh ar siúl i rith na cóisire.
5. Ar mhaith leat dul go breithlá Naoise? Cén fáth?

# Scoil Choille – An fómhar

## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta

Anois, scríobh d'fhreagra féin ar chuireadh cóisire Naoise. Déan tagairt do na nithe seo a leanas i d'fhreagra:

- Gabh buíochas as an gcuireadh
- Glac leis an gcuireadh
- Conas a rachaidh tú ann
- an t-am a bheidh tú ann
- Tá tú ag tnúth go mór leis

# Scoil Choille – An fómhar

Freagraí

1. An beacán/fás aon oíche
2. Bíodh duine fásta leat mar tá beacáin áirithe contúirteach/ ná pioc nó ná hith beacán ar bith gan duine fásta a bheith leat.
3. Mar tá cuid díobh nimhiúil
4. Corcróg choille
5. Is féidir
6. Bosca folamh uibheacha, craobhóg, slisín adhmaid, siosúr, péint, glé, scuab phéinteála, caonach, marcóir péint bhán, tac gorm
7. Fás aon oíche

1. Naoi
2. An fómhar
3. Dé Sathairn, 6 Meán Fómhair
4. Cathaoireacha ceoil nó tóraíocht taisce